C/2024/1287

31.1.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Eanáir 2024

lena gceaptar comhalta malartach amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Ísiltír

(C/2024/1287)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir Rialtais na mBallstát faoi bhráid na Comhairle,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022 ([2]), cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá ainmniúcháin tíolactha ag Rialtas na hÍsiltíre i dtaca le post amháin atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an duine seo a leanas mar chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025:

IONADAITHE CEARDCHUMAINN

Ballstát	Comhalta malartach
an Ísiltír	Wim VAN VEELEN

Airteagal 2

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
([2]) Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB